# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag Fiosrú Focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **tubaiste**?
   (a) Tragóid
   (b) Clúiteach
   (c) Farraige
2. Tá an focal **cóngarach** i bparagraf 1. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?
3. Cé acu thíos atá contrártha le **ollmhór?**
   (a Láidir
   (b) Bídeach
   (c) Cróga
4. Bíonn fomhuireán san fharraige mhór. Ainmnigh 5 rud eile is féidir a fheiceáil san fharraige mhór.

## Tasc 2: Ag Fiosrú Feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?
2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?
3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.
4. Cén fáth ar bhain na Gearmánaigh úsáid as fomhuireáin, do bharúil?
5. Cad é an dóigh a bhfuil scéal an Titanic agus scéal an Lusitania cosúil lena chéile?

cea
Rewarding Learning


Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

9 An Lusitania – Tubaiste ar an Fharraige Mhór

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## An Lusitania – Tubaiste ar an Fharraige Mhór

# An Lusitania – Tubaiste ar an Fharraige Mhór

Chuala muid uilig go léir **faoi** scéal tragóideach an Titanic ina bhfuair níos mó ná 1500 duine bás sa bhliain 1912. Tharla an **tubaiste** nuair a bhuail an long cnoc oighir agus chuaigh sí go tóin na farraige. Bhuel, creid nó ná creid é, tharla tubaiste a bhí chomh holc céanna leis sin trí bliana ina dhiaidh. Fuair níos mó ná míle duine bás ar long chlúiteach **ollmhór** darb ainm an Lusitania. Chuaigh an Lusitania go tóin na farraige amach ó chósta na hÉireann, **cóngarach** do Chorcaigh. Ach an t-am seo, ní timpiste a bhí ann!

Ag an am sin, idir 1914 agus 1918, bhí an Chéad Chogadh Domhanda ar siúl idir an Ghearmáin agus Sasana go príomha. Ní raibh mórán bia ná gunnaí ag an am i Sasana agus chuir na Sasanaigh longa go Meiriceá le bia agus gunnaí a thabhairt ar ais. Ach bhí a fhios ag na Gearmánaigh cad é a bhí ag tarlú. Bhí fomhuireáin ag an Ghearmáin faoin am seo agus tugadh 'U-Bháid' orthu. Chuir na Gearmánaigh na fomhuireáin amach ar an Aigéan Atlantach le hionsaí a dhéanamh ar na longa.

Ar an 1 Bealtaine 1915, d'fhág an Lusitania Nua-Eabhrac ar thuras farraige go Sasana. Bhí chóir a bheith dhá mhíle duine ar bord. Ach, ar an 7 Bealtaine, chonaic fomhuireán Gearmánach í thart faoi 15 chiliméadar ó chósta na hÉireann. Scaoil an fomhuireán toirpéad i dtreo an Lusitania agus bhuail sé go cruinn í. Tamall beag i ndiaidh an chéad phléascáin, bhuail an dara ceann í agus thosaigh an Lusitania ag dul faoi go gasta. Cailleadh 1198 duine ar an lá uafásach sin. Tá an Lusitania go fóill ina luí thíos faoin uisce, 15 chiliméadar amach ó chósta Chorcaí. Tubaiste mhillteanach eile ar an fharraige mhór a bhí ann.

# Ceisteanna

**1.** **Cén t-ainm a bhí ar an long chlúiteach a bhuail an cnoc oighir?**
(a) Lusitania
(b) Titanic
(c) Santa María

**2.** **Cé acu abairt thíos atá fíor?**
(a) Chuaigh an Lusitania go tóin na farraige sa bhliain 1912
(b) Chuaigh an Lusitania go tóin na farraige sa bhliain 1914
(c) Chuaigh an Lusitania go tóin na farraige sa bhliain 1915

**3.** **Cén fáth a ndeachaigh an Lusitania go tóin na farraige?**
(a) Bhuail an Titanic í
(b) Bhuail toirpéad í
(c) Bhuail sí cnoc oighir

**4.** **Cá háit ar tharla an tubaiste seo?**
(a) Cóngarach d'Éirinn
(b) Cóngarach do na Stáit Aontaithe
(c) I Sasana

**5.** **Cén fáth ar chuir Sasana longa go Meiriceá, do bharúil?**
(a) Bhí daoine ag iarraidh dul ar saoire
(b) Bhí níos mó gunnaí agus bia le fáil i Meiriceá
(c) Bhí siad ag iarraidh na fomhuireáin a ionsaí

**6.** **Cé acu líne sa téacs a insíonn dúinn gur tharla tubaiste mar seo roimhe?**
(a) Tubaiste mhillteanach eile ar an fharraige mhór a bhí ann
(b) Chuaigh an Lusitania go tóin na farraige
(c) Tá an Lusitania go fóill ina luí thíos faoin uisce

**7.** **Tá an focal faoi in úsáid i bparagraf 1 mar:**
(a) briathar.
(b) aidiacht.
(c) réamhfhocal.

**8.** **Cén sórt téacs é seo?**
(a) Ficsean
(b) Neamhfhicsean
(c) Fógra